Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11420/23**

**ENER 425**
**COLAC 79**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Meabhrán tuisceana idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne maidir le comhar a bhaineann le fuinneamh<br>- Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a chaibidil |

1. An 18 Aibreán 2023, chuir an Coimisiún in iúl don Mheitheal um Fhuinneamh go raibh sé ar intinn aige Meabhrán Tuisceana maidir le comhar a bhaineann le fuinneamh a chaibidil le Poblacht na hAirgintíne, d'fhonn é a shíniú, thar cheann an Aontais, roimh Chruinniú Mullaigh AE-CELAC i mí Iúil[1] 2023.

2. Phléigh an Mheitheal um Fhuinneamh an cur chuige a mhol an Coimisiún, agus é le tuiscint go gcuirfidh an Coimisiún an Mheitheal ar an eolas maidir le dul chun cinn na caibidlíochta le Poblacht na hAirgintíne, agus go dtiocfaidh sé ar ais chuig an gComhairle ag deireadh an phróisis caibidlíochta chun údarú na Comhairle a lorg maidir le síniú an Mheabhráin Tuisceana thar ceann an Aontais.

[1] WK 4324/23.

3. An 12 Meitheamh 2023, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún an Meabhrán Tuisceana sin a chaibidil thar ceann an Aontais (8347/23).

4. An 6 Iúil 2023, phléigh an Mheitheal um Fhuinneamh téacs an Mheabhráin a leagtar amach in 11188/23. Bhí roinnt moltaí breise maidir le dréachtú a rinneadh ar an téacs. Dá bhrí sin, rinneadh athbhreithniú ar an téacs agus cuireadh an leagan deiridh faoi bhráid na Meithle um Fhuinneamh le haghaidh comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn. Le linn an chomhairliúcháin, níor luaigh na toscaireachtaí aon bharúlacha breise. Leagtar amach an téacs críochnaitheach in 11635/23.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

- a dheimhniú go n-aontaíonn sé le téacs an Mheabhráin Tuisceana idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne, mar a leagtar amach in 11635/23 é;

- a iarraidh ar an gComhairle síniú an Mheabhráin Tuisceana idir an tAontas agus Poblacht na hAirgintíne, mar a leagtar amach in 11635/23 é, a údarú, faoi réir coigeartuithe beaga a d'fhéadfaí a dhéanamh mar thoradh ar chaibidlíocht leis na comhpháirtithe ábhartha, ach gan aon athrú ó thaobh substainte de.